

Scéalta agus Seanchas ón gCúl Rua: Scéim na Scol i Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Airt

Lorcán Ó Muirí

Is le caoinchead ó Phádraig Ó Mathúna agus ó Chnuasach Bhéaloideas Éireann (CBÉ), Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath, a chuirtear na scéalta atá san alt seo i láthair.

IDIR 1937 AGUS 1939 bailíodh béaloideas ó pharóistí ar fud SaorStáit na hÉireann faoi Scéim na Scol. Ghlac breis is 5000 scoil páirt sa scéim.¹ Ba iad Séamus Ó Duilearga agus Seán Ó Súilleabhán ó Choimisiún Béaloideas Éireann a chuir an scéim ar bun. Fuarthas an-thacaíocht ón Roinn Oideachais agus ó Chumann Múinteoirí Éireann leis an togra a chur i gcrích. 'Sé a bhí i gceist leis an scéim ná ós cionn 50,000 páiste scoile a chur ag bailiú béaloideas, idir 'stairsheanchas, dinnseanchas, scéalta bealoidis agus finscéalta, tomhais agus seanfhocail, cluichí agus caithimh aimsire, modhanna oibre agus ceirdeanna'² óna muintir agus óna gcomharsain.

Is mó bunscoil ó chontae Phort Láirge a chuir a gcuid daltaí amach i mbun oibre agus bhí Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Airt, sa Seanphobal, ar ceann des na scoileanna sin.³ Ba é Tomás Ó Faoláin an príomhoide a bhí ar an scoil ag an am. Sheol sé siúd cóipleabhar chuig Séamus Ó Duilearga ar an 12 Eanáir 1939 ina raibh 108 scéal nó cuntas a bhailigh na páistí a bhí ag freastal ar an scoil i mBaile Mhic Airt.⁴ Scríobhadh an béaloideas go léir ón scoil isteach i gcóipleabhar faoi leith a bhí seolta ag Séamus Ó Duilearga chuig Tomás Ó Faoláin. Seoladh a mhacshamhail de chóipleabhar chuig gach scoil a bhí mar chuid den scéim.

Bhí Pádraig Ó Mathúna ón gCúl Rua sa Seanphobal ag freastal ar an scoil ag an am agus bhailigh sé roinnt mhaith béaloideas óna athair, Tomás. Rugadh agus tógadh Pádraig sa Chúl Rua. Ba é Pádraig an dara páiste is sine a bhí ag Tomás Ó Mathúna agus Máire Ní Ghadhra. Bhí beirt deirfiúra aige, sé sin Caitlín, a bhí níos sine ná é, agus Eibhlín, a bhí níos óige. Deartháir amháin a bhí ag Pádraig, Mícheal, an té ab óige sa chlann. Is i Rang 5 a bhí Pádraig sa scoil-bhliain 1938/1939 nuair a bhailigh sé na scéalta agus seanchas.

Ní cuimhin le Pádraig na scéalta a fháil óna athair ná iad a scríobh isteach sa chóipleabhar. Is féidir le Pádraig smaoineamh siar áfach go dtí an t-am gur thosnaigh sé ag dul ar scoil. Thosnaigh sé ag freastal ar Scoil Náisiúnta Bhaile Mhic Airt ag an am céanna lena dheirfiur Caitlín, a bhí bliain níos sine ná é. Aistear trí mhíle a bhí ann ar an mbóthar go dtí Baile Mhic Airt ón gCúl Rua

LORCÁN Ó MUIRÍ

agus rachaidís tríd an nGabhlán. Níor thóg an turas trí mhíle ar chlann Uí Mhathúna os rud é go raibh roinnt mhaith aicearraí trí na páirceanna acu.

Ceapann Pádraig go raibh thart ar naonúr i naíonáin bheaga nuair a chuaigh sé isteach sa scoil an chéad lá. Athraíodh foirgneamh na scoile go dtí Halla Colmáin i 1968 nuair a tógadh an scoil nua atá taobh leis an sean-scoil. Bhíodh thuas staighre agus thíos staighre sa bhfoirgneamh. An maighistir a bhíodh thuas staighre leis na hard-ranganna agus bhíodh na bun-ranganna agus meán-ranganna thíos staighre. Roinn na bun-ranganna agus meán-ranganna an seomra céanna go dtí gur tógadh seomra faoi leith dos na naíonáin bheaga agus naíonáin mhóra. Glaodh ‘an seomra beag’ ar an seomra ranga sin.

Bhíodh sos beag ann ag haon déag a chlog agus is iomaí lá go rachadh na páistí amach faoi na crainn a bhí in aice na scoile ag bailiú cipíní don tine. Chaith gach páistí roinnt airgid a thabhairt isteach chun díol as an ngual don tine.

Thaitin an scoil le Pádraig agus bhí an-mheas aige ar an maighistir, Tomás Ó Faoláin. Bhí suim faoi leith ag Pádraig i nGaeilge, Matamaitic agus Stair.

Nuair a bhí Pádraig i rang a seacht thosnaigh an Ghearmáin ag déanamh ruathair ar na tíortha sna críocha Lochlannacha. Is cuimhin leis Tomás Ó Faoláin ag tabhairt cuntas ar an dul chun cinn a bhí fórsaí armtha na Gearmáine ag déanamh san Iorua agus san Fhionlainn. Bhíodh tuairisc laethúil ag an maighistir ar an gcogadh ós rud é go raibh raidió aige sa mbaile. D’fhan na cuimhní faoin gcogadh le Pádraig de dheasca na hathruithe a tharla i saol na ndaoine in Éirinn le linn blianta an Chogaidh Mhóir. Bhí srianta ar bhianna faoi leith curtha i bhfeidhm ag an am agus is iomaí scéal a bhí i mbéal an phobail áitiúil i dtaobh gaolta leo a bhí ina gcónaí i Sasana go raibh orthu dul isteach in airm na Breataine mar gheall ar an gcionscríobh.⁵

Scríobh Pádraig sé scéal de chuid Thomás Ó Mathúna isteach sa chóipleabhar. Is citeog a bhí i bPádraig agus is citeog é fós. Ní raibh cead, áfach, scríobh leis an lámh chlé ar scoil agus scríobh Pádraig gach cuid dena obair scoile lena lámh dheis. Mar sin, táimid nach mór cinnte gur lena lámh dheis a scríobh sé an sé scéal seo. Tá an pheannaireacht ar ard-chaighdeán. Is dócha go raibh ar na páistí cúpla dréacht a cheartaíodh an maighistir a dhéanamh céad uair sula thógadar faoin gcóipleabhar ceart. B’shin an nós a bhíodh ann ag an am. ’S iad na hainmneacha a bhí ar na scéalta, a thugtar anseo thíos, ná ‘An Canna Óir’, ‘Ainmhithe Allta’, ‘An Sionnach agus An Coileach’, ‘An Spiorad sa Ghleann’, ‘Tigh Nua á thógaint againn’, agus ‘An Triuch: Leigheas’. Is féidir gach ceann des na scéalta, agus scéalta eile nach

iad, a léamh ar an suíomh *duchas.ie*. (Tras-scríbhinn dílis den iomlán ar an suíomh sin. Sa leagan seo, soláthraítear roinnt sínte fada agus comharthaí séimhithe, agus cuirtear poncaíocht an lae inniu i bhfeidhm.)

SCÉAL – AN CANNA ÓIR (lgh 258–9)

Bhí fear ag obair i bhfaraois uair agus níor thuill sé mórán ar an obair seo agus ba mhaith leis níos mó airgid do fhagháilt.

Tráthnóna amháin ar a theacht abhaile dho chonnaic sé bean uasal. Bheannaigh sé di agus bheannaigh sí sin do.

‘Cad atá tú ag deunamh annso chomh deunach?’ arsa an bhean uasal.

‘Bhí mé ag gearradh adhmaid’, ars an fear, ‘acht is bocht an céard é’.

‘Ar mhaith leat níos mó oibre agus a thuilleadh pádh?’

‘Ba mhaith liom muise’, ars an fear, ‘agus is beag eile a shásóchadh mé’.

‘Ma líonfadh mé do channa le h-ór an mbeitheá sásta?’

‘Bhéinn go deimhin’, ars an fear.

‘Feuch isteach’, arsa [an bhean] uasal.

Dh’feuch sé isteach agus bhí an canna lán de ór is de airgead.

Shíl sé go raibh an canna an-bheag agus gur gairid a sheasóchadh an t-airgead é.

‘Go raibh míle maith agat, a bhean uasail. Tá an canna an-bheag. Ba mhaith liom rith abhaile agus buicéad do fhagháilt’.

Chuaidh sé abhaile agus fuair sé buicéad agus nuair a chas sé bhí sí scaipthe agus ní raibh aon rud sa channa.

Ní shásóchadh an saoghal daoine áirithe.

*Pádraig Ó Mathghamhna, Cúlruadh. M’athair a thug an scéal seo dom, Tomás Ó Mathghamhna, Cúlruadh.*⁶

AINMHIDHTHE ALLTA (lgh 260–61)

Is iad so na h-ainmhidhte fiadhaine is mo atá timcheall ar mo thigh ná – An madra ruadh, an girrfiadh, an coinín, an granneóg, an easóg, an broc, an luch, an franncach agus an firéad.

Bíodh fiaidh ann fadó acht níl aon cheann ann anois.

Deineann an coinín a lán díogbhála do na feirmeóirí. Itheann siad carréidí agus mangoilí agus turnaipí agus cabáiste.

Tá an madra ruadh an-ghlic agus geibhtear scéal mar seo chun é sin do léiriú.

LORCÁN Ó MUIRÍ

Bíonn a lán drannuidí ar an madra ruadh agus tá cleas aige chun iad san do ghlanadh as. Teigheann sé go dtí páirc ina mbíonn caoirigh agus faigheann sé roinnt olna agus cuireann sé isteach ina bhéal í. Annsan teigheann sé go dtí sruth agus teigheann sé ag snámh. Nuair a bhíonn sé ag dul síos ins an uisce bíonn na drannuidí ag rith amach ar an olann.

Nuair a bhíonn siad go léir ar an olainn caitheann sé iad go léir amach ar an uisce agus tomann sé é féin go tóin poill.

*Pádraig Ó Mathghamna, Cúlruadh. M'athair a tug an t-eolas seo dom, Tomás Ó Mathghamna, Cúlruadh*⁷

SCÉAL – AN SIONNACH AGUS AN COILEACH (lgh 262–3)

Tráthnóna amháin bhí sionnach ag lorg bídh. Táinig sé gairid do mhacha feirmeora. Chonnaic sé cúig nó a sé de chearca agus coileach in áirde i gcrann.

‘Tar anuas chúgham tá scéal maith agam díbh. Thá síothcháin déanta idir na h-ainmhidhthe go léir, agus tá an-áthas orm.’

‘Tá áthas orm-sa leis’, ars an coileach, ‘ach ní raghaidh mé síos as so go maidin. Acht cogair, chím madra ag teacht.’

‘O’, ars an madra ruadh, ‘thá sé in am dom bheith ag imtheacht mar tá siad ag fuireach liom sa mbaile’, agus thosnuigh sé ag rith.

‘Dé chúis a bhfuil tú ag rith? Dar ndóigh, ní eagla a chuirfead gamall mór de mhadra ort?’

Dubhairt an sionnach go raibh eagla ar nár chualaidh an madra an scéal fós.

*Pádraig Ó Mathghamhna, Cúlruadh. Mo athair do tug an t-eolas seo dom, Tomás Ó Mathghamhna, Cúlruadh*⁸

SCÉAL – AN SPRID SA GLEANN (lgh 264–5)

Bí sprid i ngleann uair ar an slighe go dtí Dúngarbhán agus bhíodh sé ag robáil na ndaoine a bhíodh ag dul go dtí an aonach.

Maidin amháin bí fear mór láidir ag dul go dtí an aonach agus dubhairt Tomás Ó Cionnfhaolaidh leis gan dul síos an gleann go raibh sprid shíos ann agus go róbáilfeadh sé é.

‘Is cuma sa riabhach liomsa mar gheall ar aon sprid’, agus d’imigh sé leis síos an gleann.

Bhí an sprid ag teacht aníos an gleann ina choinne. Thosnuigh an sprid á robáil ach má thosnuigh ní raibh aon eagla ar an bhfear.

Bhuail sé buile de bhata air agus annsan d’iarr an sprid maitheamh-nachas ar an bhfear agus cé bheadh ann na gárda bhí ’na chomhnuidhe i nDúngarbhán.

*Pádraig Ó Mathghamhna. Mo athair do thug an t-eolas seo dom, Tomás Ó Mathghamhna, Cúlruadh*⁹

TIGH NUADH Á THÓGAINN AGAINN (lgh 265–6)

Nuair a bheadh duine chun tigh do thógaint raghadh sé timcheall na páirce ina mbíodh sé chun an tigh do thógaint. Bheadh punann ’na láimh aige agus é ar dóghadh. Nuair a beadh an punann dóighte go dtí an coigeal agus nuair a thuitfeadh an coigeal de, sin é an áit tigh a dheunamh agus an chéad fód a ghearradh.

Ní dheineann aoinne tigh ar casán an Aifrinn mar deirtear ná fuil sé rathamhail.

Nuair a bheadh an t-sidhe gaoithe ag imtheacht an casán b’fhéidir go gcuirfeadh sé eagla ortha.

Deirtear Aifreann i ngach tigh nua sula dtéightear ina chomhnuidhe ann chun gach droch nídh a bheadh sa tigh do chur amach as, nó aon rud a bheadh ins na clocha do chur amach asta.

*Pádraig Ó Mathghamhna. Mo athair do thug an t-eolas seo dom, Tomás Ó Mathghamhna, Cúlruadh.*¹⁰

AN TRIUCH –LEIGHEAS (lgh 267–8)

Bhí an triuch orm cúpla seachtmhain ó shoin. Bhíodh mé táchtaighthe suas leis an gcasacht gach aon lá. Tagann sé ar pháistí a bhíonn ag dul go dtí an scoil, agus deirtear go gcaithfeadh sé teacht ar gach aoinne agus go bhfainfeadh sé ceithre seachtmhaine déag ortha.

Bheadh sé níos measa ar dhuine aosta ná ar dhuine óg.

Deirtear go leighisfeadh sé an triuch dul fé bholg asail trí huaire. Nó dá bfuighfidhe píosa aráin do fhagháil ó bheirt a bheadh pósta agus an tsloinne céadna ortha, leighisfeadh sé an triuch.

Má gheibhtear bfinéagra bán agus an bán de uibh agus siúcra billeóige do ól, nó dul isteach i bpoll, tá leigheas ionnta don triuch.

Seo leigheas eile: an t-oisre a bhíonn i sliogán é do chur i bpláta agus é a d’fhágaint ann go dtí an maidin, annsan é a bheirbhiú i mbainne agus annsan an bainne do ól.

LORCÁN Ó MUIRÍ

*Pádraig Ó Mathghamhna. Mo athair do thug an t-eólas seo dom, Tomás Ó Mathghamhna, Cúlruadh*¹¹

Nótaí

- 1 <https://www.duchas.ie/ga/info/cbe> (ceadaithe 7 Eanáir 2018).
- 2 *ibid.* 3 <https://www.duchas.ie/ga/cbes/PL?p=1&o=Vol>; dúchas.ie; Co. Phort Láirge | Bailiúchán na Scol (ceadaithe 7 Eanáir 2018).
- 4 <https://www.duchas.ie/ga/cbes/4428112/4379330>; dúchas.ie; Baile Mhic Airt, An Rinn | Bailiúchán na Scol (ceadaithe 7 Eanáir 2018).
- 5 P. Ó Mathúna (comhrá, 20 Eanáir 2018).
- 6 <https://www.duchas.ie/ga/cbes/4428112/4379269> (ceadaithe 12 Eanáir 2018).
- 7 *ibid.*, 4379272 (ceadaithe 12 Eanáir 2018).
- 8 *ibid.*, 4379274 (ceadaithe 12 Eanáir 2018).
- 9 *ibid.*, 4379276 (ceadaithe 12 Eanáir 2018).
- 10 *ibid.*, 4379277 (ceadaithe 12 Eanáir 2018).
- 11 *ibid.*, 4379279 (ceadaithe 12 Eanáir 2018).